

# Tacú leis na Ceithre Bhealach: Córas Tithíochta Inbhuanaithe a Chumasú

## Comhthéacs i Láthair na hUaire

Is í an fhís do chóras tithíochta na hÉireann san fhadtéarma soláthar seasta tithe a bheith san áit cheart. Caithfear inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a ionchorprú sa chóras seo. Tabharfar isteach leasuithe rialála freisin chun a chinntiú go bhfuil ár gcóras pleanála faoi threoir ag pleananna agus oiriúnach don fheidhm atá leo. Tá comhlíonadh ríthábhachtach sna hearnálacha tógála agus tithíochta ionas gur féidir leas a bhaint as muinín gach páirtí leasmhara.
Teastaíonn bonneagar criticiúil chun an soláthar tithíochta a mhéadú, lena n-áirítear iompar, soláthairtí fóntais agus seirbhísí cumarsáide le gabháil le tithíocht. Caithfidh na 33,000 teach a thógfar gach bliain pobail inbhuanaithe a bhunú ina gcónaíonn daoine de gach ioncam taobh le taobh, agus an bonneagar pobail ceart i bhfeidhm chun cabhrú lenár gcathracha, bailte agus sráidbhailte a bheith rathúil.

D’fhonn an soláthar tithíochta agus úinéireacht tí a mhéadú tá sé ríthábhachtach costais tógála a laghdú. Tá méadú tagtha orthu le blianta beaga anuas trí mheascán de chostais mhéadaithe ó chomhlíonadh rialála agus méaduithe ginearálta ar chostais saothair agus ábhair. Mar thoradh air sin, tá foirgnimh nua, go háirithe árasáin, thar acmhainn ag go leor ceannaitheoirí céaduaire.

Tá inbhuanaitheacht chomhshaoil ár stoc tithíochta sa todhchaí, lena n-áirítear tithíocht ísealcharbóin, ríthábhachtach inár ngníomh náisiúnta i gcoinne athrú aeráide.

## Príomhghníomhartha i dTithíocht do Chách:

- An maoiniú d’údaráis áitiúla a mhéadú d’fhonn 36,500 teach faoi úinéireacht údarás áitiúil a aisfheistiú go Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) B2 (Coibhéis Optamach Costas) faoi 2030.
- 33,000 Áit Chónaithe ar Ráta Úsáide Fuinnimh a bheadh gar do Nialas ar an meán a sheachadadh gach bliain thar gach earnáil go dtí 2030.
- ‘Cuid V’ den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a athchóiriú chun a chinntiú gur ionann an meascán tionachta agus 10% ar a laghad de thithíocht sóisialta agus 10% eile de thithíocht inacmhainne agus Cíos Costais.
- Díolúine 'Deireadh le Dramhaíl' a thabhairt isteach chun costais dramhaíola tógála agus scartála a laghdú. An t-éileamh ar amhábhair neamhshaothraithe a laghdú agus tacú le hathúsáid.
- Cumas institiúideach a thógáil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ar fud na nEarnálacha Rialtais Áitiúil, na Gníomhaireachta Stáit agus an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta chun tacú le Tithíocht do Chách. Cuirfear acmhainní ar fáil chun scála na huaillmhéine a chomhlíonadh. Scrúdófar gach deis

chun Ionad Sármhaitheasa agus seirbhísí comhroinnte a úsáid chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tseachadta a chinntiú.

- Déanfar gach próiseas ceadaithe agus réamhchonradh eile a athbhreithniú agus a shruthlíniú, chun seachadadh tograí tithíochta sóisialta an Údaráis Áitiúil, AHB agus LDA a luathú.
- Leathnófar Aonad Soláthair agus Seachadta na Gníomhaireachta Tithíochta agus soláthróidh sé seirbhísí agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla.
- Comhlíonadh san earnáil tógála a leabú trí Rialacháin Foirgníochta agus Rialacháin um Rialú Foirgníochta. Áireofar leis seo cláir de thógálaithe inniúla a bhunú tríd an Construction Industry Register Ireland a chur ar bhonn reachtúil.
- Cruthú Rialtóra neamhspleách um Chaighdeáin Foirgníochta a scrúdú chun maoirseacht a dhéanamh ar rialú foirgníochta ar fud na tíre agus chun gníomhú mar chaomhnóir an Chórais Bainistíochta um Rialú Foirgníochta.
- Seachadadh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a luathú.
- A chinntiú go ndéantar naisc leictreachais le scéimeanna tithíochta a sheachadadh go tráthúil agus ar bhealach cost-éifeachtúil.
- Leanúint d'infheistíocht ardleibhéil a sholáthar i mbonneagar uisce chun tacú le seachadadh tithíochta ar fud na tíre.
- Cinnteoidh Uisce Éireann go dtacaíonn a shruth seachadta líonra le seachadadh tráthúil nasc tithíochta.
- Cuirfear scéim chreidiúnaithe chun cinn chun forbróirí a éascú chun bonneagar seirbhísí uisce a sholáthar, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na caighdeáin chomhaontaithe.
- Déanfaidh Uisce Éireann clár náisiúnta um acmhainn soláthair uisce a rolladh amach, chun an clár acmhainne fuíolluisce a chomhlánú, chun soiléireacht níos fearr a thabhairt don phleanáil le haghaidh tithíochta. Sainaithneoidh sé cá háit a n-éascaíonn acmhainn luath-sholáthar tithíochta nó cá háit a bhféadfadh srianta a bheith i gceist.
- Clár náisiúnta talún tithíochta criosaithe a fhorbairt bunaithe ar Phleananna Forbartha na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear an toradh/acmhainn ionchasach tithíochta. Féadann sé seo a bheith mar bhunús freisin chun na luachanna úsáide a ríomh a theastaíonn le haghaidh bearta Comhroinnte Luacha Talún.
- Dul i ngleic le saincheisteanna maidir leis an Scéim Deontais um Bloic Choincréite lochtacha.
- Sainchúram an Ionaid Teicneolaíochta Tógála (CTC) agus Grúpa na hEarnála Tógála (CSG) a fheabhsú do na trí bliana amach romhainn le béim ar thógáil cónaithe san áireamh.

- Cinnteoidh foghrúpa tiomnaithe de Ghrúpa Seachadta Thithíocht do Chách (comhdhéanta de Rúnaithe Ginearálta agus ranna Rialtais) go mbeidh tionscnaimh a bhaineann le nuálaíocht agus táirgiúlacht, scileanna agus acmhainn, tacaíocht fiontar, caighdeáin agus comhlíonadh agus rannpháirtíocht earnála; ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir an costas a bhaineann le tógáil na n-árasán a laghdú, as a dtiocfaidh athrú follasach ar na costais sin.

- Ról na ngníomhaireachtaí fiontar a leathnú chun maoiniú agus tacaíochtaí do thionscadail a bhaineann le nuálaíocht agus táirgiúlacht san earnáil tógála cónaithe baile a áireamh, agus maoiniú le haghaidh taighde, nuálaíochta agus táirgiúlachta a sholáthar i gcomhréir le scála na tógála sa gheilleagar intíre agus le rialacha Státchabhrach.

- Cultúr de nuálaíocht inbhuanaithe chomhlíontach ar ardchaighdeán a chur chun cinn i dtógáil cónaithe trí Mhodhanna Foirgníochta Nua-Aimseartha (MMC) a fhorbairt, lena n-áirítear páirc taispeána a bhunú do MMCanna.
- Ár líonra uisce a leathnú chun tacú le seachadadh tithíochta trí infheistíocht ardleibhéil leanúnach i mbonneagar uisce.

## Na torthaí a bhfuil súil leo:

- Soláthrófar 33,000 teach ar ráta Úsáide Fuinnimh a bheadh gar do Nialas ar an meán gach bliain
- Athbhreithniú comhordaithe ar chostais tógála cónaithe
- Caighdeáin níos airde i gcáilíocht tógála cónaithe
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil fheabhsaithe sa tionscal tógála
- Beidh an stoc tithíochta atá ann cheana níos inbhuanaithe
- 36,500 teach údaráis áitiúil aisfheistithe ar BER B2 nó Coibhéis Optamach Costas
- Cumas leathnaithe na n-údarás áitiúil, ionas go gcuirtear ar a gcumas níos mó tionscadal tithíochta a thionscnamh, a dhearadh, a phleanáil, a fhorbairt agus a bhainistiú
- Beidh bonneagar criticiúil i bhfeidhm chun an tithíocht riachtanach a sholáthar

Beidh córas tithíochta níos inbhuanaithe ó thaobh eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de mar gheall ar na bearta sin, in éineacht le bearta eile.

## Coimisiún Tithíochta

Tá an Rialtas tiomanta do Choimisiún Tithíochta a bhunú i mbliana chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail tionacht, caighdeáin, inbhuanaitheacht agus saincheisteanna maidir le cáilíocht na beatha i soláthar tithíochta, a mbíonn tionchair fhadtéarmacha acu uile ar phobail. Breithneoidh an Coimisiún conas ár gcóras tithíochta a fheabhsú agus a fhorbairt go fadtéarmach, lena n-áirítear réimsí mar:

- cothromaíocht agus rogha tionachtaí a sholáthar
- todhchaí rialuithe cíosa, cíos agus tacaíochtaí ioncaim
- fiúntais rialtóra neamhspleách tithíochta sóisialta
- an ról is fearr is féidir a bheith ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i soláthar tithíochta

Tabharfaidh an Coimisiún tograí ar aghaidh maidir leis an reifreann ar thithíocht agus scrúdóidh sé na tograí éagsúla atá déanta maidir le foclaíocht fhéideartha le haghaidh leasú ar an mBunreacht.

Bunófar an Coimisiún Tithíochta go foirmiúil níos déanaí in 2021, a luaithe a bheidh Téarmaí Tagartha agus Ballraíocht an Choimisiúin tugtha chun críche. Déanfar na Téarmaí Tagartha a dhréachtú i gcomhairle leis an gCathaoirleach ainmnithe, ag féachaint don Chlár Rialtais agus do na tosaíochtaí atá leagtha amach i dTithíocht do Chách.

**Meán Fómhair 2021**

